SAN AONAD SEO

Foghlaimeoidh tú conas:

- Labhairt faoi na nósanna laethúla atá agat féin;
- Eolas a lorg faoi na nósanna laethúla atá ag daoine eile;
- Labhairt faoi obair an tí.

Díreofar ar an mír seo gramadaí:

- An t-ainm briathartha.

A: LABHAIRT

1. Labhair leis an duine atá in aice leat agus cumaigí ceisteanna a bheadh oiriúnach do na freagraí seo thíos. Braithfidh an cheist ar an bhfocal a bhfuil cló trom air. Féach ar an sampla ar dtús.

Ceist:	Freagra:
a) Cé a dhéanann an dinnéar gach lá?	Déanann **Pól** an dinnéar gach lá, de ghnáth.
b)	**Ní cheannaím** bainne úr gach lá.
c)	Glanaim **an folcadán** gach lá.
d)	Déanaim an **obair bhaile** leis na páistí gach tráthnóna.
e)	Ólann Siobhán cupán caife gach maidin ar a **11.00.**
f)	Go dtí **an t-ionad spóirt**.
g)	Téimid go dtí **ceolchoirm** sa chathair nuair is féidir linn.

2. Cad iad na rudaí a dhéanann tú go rialta tú féin? Mar shampla:
Bím ag obair i lár na cathrach ón Luan go dtí an Aoine. Téim isteach ar mo rothar, de ghnáth. Brisim amach ag an deireadh seachtaine agus buailim le mo chairde nó le mo dheirfiúracha. Itheann muid béile i gceann de na bialanna Síneacha i dtuaisceart na cathrach. Caithim seal ag siopadóireacht ar an Satharn. Téim chuig an bpictiúrlann go rialta agus is breá liom comhluadar a bheith liom.

3. Cuir féin agus an duine atá in aice leat na ceisteanna seo ar a chéile.

a) Cad iad na nósanna a bhíonn agat ar maidin, roimh dhul ag obair nó go dtí an coláiste duit?

b) Cad a dhéanann tú gach lá go dtí am lóin?

c) Cad a dhéanann tú ag am lóin?

d) Cad a dhéanann tú san iarnóin?

e) An mbíonn dinnéar agat gach tráthnóna?

f) Cad a dhéanann tú san oíche?

g) An bhfuil aon deasghnátha (*rituals)* nó nósanna a bhíonn agat roimh dhul a chodladh duit?

h) Cad iad na rudaí a dhéanann tú go rialta ag an deireadh seachtaine?

4. Siúil timpeall an ranga agus aimsigh daoine a dhéanann na rudaí atá luaite sa bhosca thíos.

Bí cinnte go gcuirfidh tú ceisteanna iomlána ar gach duine .i. 'an dtéann tú go dtí an spórtlann?', 'An ullmhaíonn tú béile?' **agus** go dtabharfaidh tú freagra cruinn .i. 'Téim' / 'Ní théim', 'Ullmhaím' / 'Ní ullmhaím'.

Daoine	Ainmneacha
a) a théann go dtí an spórtlann cúpla uair sa tseachtain.	
b) a ullmhaíonn an dinnéar gach tráthnóna.	
c) a dhéanann an tsiopadóireacht bia ar líne.	
d) a chasann lena dteaghlach uair sa tseachtain.	
e) nach n-itheann feoil ná iasc.	
f) a théann ar Aifreann uair sa mhí.	
g) a ólann ar a laghad trí chupán caife sa lá.	
h) a imríonn spórt ar a laghad uair sa tseachtain.	
i) a chaitheann tobac.	
j) nach ndéanann obair tí riamh.	

5. An féidir leat féin agus leis an duine atá in aice leat tomhas cé a dhéanann na rudaí thíos ar bhonn leanúnach? An bhfuil aon fhíricí eile den chineál seo ar eolas agaibh faoi dhaoine cáiliúla eile?

a) Ólann an fear seo ocht gcanna *Diet Coke* agus dhá chupán caife gach lá.
b) Osclaíonn an bhean seo doirse lena huillinn i dtreo is nach mbeidh sí ag scaipeadh ná ag piocadh suas frídíní.
c) Ní ólann an duine seo alcól agus ní chaitheann sé tobac.
d) Éiríonn an duine seo ar a 3am gach maidin agus tosaíonn sí an lá le seisiún machnaimh.
e) Éiríonn an duine seo ar a 7am gach maidin agus tar éis dó paidreacha a rá, déanann sé ióga agus seisiún rothaíochta.
f) Bíonn an duine seo an-chúramach faoin méid seacláide a itheann sí agus is breá léi dul amach le haghaidh béile nó go dtí an phictiúrlann.

Elon Musk
Cameron Diaz
Daniel O'Donnell
Dolly Parton
Mo Salah
KatieTaylor

6. Scríobh cúpla líne anseo faoi na nósanna laethúla atá agat féin.

B: FEASACHT TEANGA

An t-ainm briathartha: is struchtúr an-choitianta agus an-tábhachtach é an struchtúr seo sa Ghaeilge:

- Caithfidh mé _____ **a dhéanamh**: *I have **to do** _____*
- Caithfidh mé éadaí nua **a fháil**: *I have **to get** new clothes*
- Caithfidh mé rud éigin **a rá** léi: *I have **to say** something to her*

Is é seo an t-ainm briathartha nó *verbal noun*. Mura bhfuil tú cinnte cén t-ainm briathartha atá ag briathar, téigh go dtí www.teanglann.ie agus cuir an briathar isteach sa bhosca cuardaigh agus cliceáil ar 'Gramadach' / *'Grammar',* faoi mar atá déanta sa sampla seo:



1. **Anois, bain úsáid as www.teanglann.ie chun ainm briathartha na mbriathra seo thíos a aimsiú.**	
a) Caithfidh mé na leanaí a (dúisigh)	
b) Caithfidh mé bricfeasta a (tabhair) dóibh.	
c) Caithfidh mé lón a (déan) dóibh.	
d) Caithfidh mé na gréithe a (nigh).	
e) Caithfidh mé an t-urlár a (scuab).	
f) Caithfidh mé na seomraí leapa a (glan).	
g) Caithfidh mé na leanaí a (bailigh) ón scoil.	
h) Caithfidh mé an dinnéar a (ullmhaigh).	
i) Caithfidh mé plandaí a (cuir) sa ghairdín.	
j) Caithfidh mé mo mhac a (tabhair) go dtí a rang ceoil.	
k) Caithfidh mé cúntóir a (faigh).	

2. Tá na habairtí seo mícheart. Scríobh an leagan ceart sa spás atá ar dheis.	
a) Ba mhaith liom beidh cáiliúil agus saibhir.	
b) Ba mhaith liom faigh troscán gairdín nua.	
c) Ní féidir liom caith an iomarca airgid ar an teach.	
d) Níor cheart duit déan botún leis an ainm briathartha.	

C: CLUASTUISCINT

Cloisfidh tú Siobhán agus Ciara ag caint faoin obair a bhíonn le déanamh sa teach. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/an-saol-laethuil-obair-ti/
Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.

a) Ceapann Siobhán go bhfuil an iomarca oibre le déanamh aici sa teach.	
Fíor	
Bréagach	
b) Caithfidh Peadar agus Clár an glanadh a dhéanamh tar éis an dinnéir agus an bruscar a chur amach.	
Fíor	
Bréagach	
c) Tá Siobhán míshásta leis an obair atá déanta ag Peadar sa ghairdín.	
Fíor	
Bréagach	
d) Is breá le Ciara agus a comrádaithe tí an teach a ghlanadh agus tascanna a dhéanamh ar fud an tí.	
Fíor	
Bréagach	
e) Caithfidh gach duine sa teach an chistin a ghlanadh tar éis béile a dhéanamh.	
Fíor	
Bréagach	
f) Glacann na comrádaithe tí sealanna ag déanamh na siopadóireachta agus cabhraíonn gach duine leis an nglanadh.	
Fíor	
Bréagach	

D: LABHAIRT

Bí ag obair leis an duine atá in aice leat. Roghnaígí pictiúr ámhain an duine. Samhlaígí gur seomraí in bhur dteach féin atá sna pictiúir thíos. Caithfidh sibh na seomraí a ghlanadh an deireadh seachtaine seo chugainn mar go bhfuil cuairteoirí ag teacht. Pléigí le chéile cad go díreach atá le déanamh agaibh.

Mar shampla:

- Caithfidh mé na ballaí **a ní**!
- Tá orm an páipéar ar fad **a chaitheamh** amach!
- Beidh orm an seomra **a ghlanadh**.



- Déan liosta de 7-10 rud atá le déanamh agat féin i do shaol pearsanta, acadúil, oibre nó baile chun do shaol a eagrú!
- Cad iad na jabanna a bhíonn le déanamh sa teach a thaitníonn leat?
- Cad iad na jabanna tí nach maith leat a dhéanamh?

E: LÉAMHTHUISCINT & CLUASTUISCINT

1. Sa lá atá inniu ann, tá an caomhnú fuinnimh mar chuid lárnach dár saol. Seo thíos intreoir atá i lámhleabhar a d'fhoilsigh an SEAI. Léigh féin agus an duine atá in aice leat é. An dtuigeann sibh é? An féidir libh cur leis?

a) Socraigh na hamanna a bhíonn an córas teasa ar siúl agus múchta, ar aon dul le do chuid nósanna laethúla
b) Ísligh an teirmeastat sna seomraí síos go 20°C.
c) Dún na doirse chun an teas a choimeád istigh.
d) Tarraing na cuirtíní chun an teas a choimeád istigh, ach oscail ar maidin iad le teas na gréine a scaoileadh isteach.
e) Úsáid an chomhla *(valve)* ar an radaitheoir chun an teocht a ísliú nó a mhúchadh i seomraí nach mbaineann tú mórán úsáide astu.
f) Múch an teas nuair a fhágann tú an teach nó má bhíonn tú as baile.
g) Úsáid solas nádúrtha an lae, chomh minic agus is féidir.
h) Múch na soilse nuair a fhágann tú seomra nó nuair nach dteastaíonn siad uait.
i) Triomaigh éadaí ar líne níocháin chomh fada agus is féidir, in áit triomadóir éadaigh a úsáid.
j) Múch do ghléasanna go léir istoíche agus nuair nach mbíonn tú sa bhaile.
k) Nuair a bhíonn tú ag cócaráil, cuir claibín ar na potaí chun an teas a choimeád istigh.

2. Fíor nó bréagach: Léigh na habairtí seo thíos agus cuir tic leis na focail **'fíor'** nó **'bréagach'** má tá siad fíor nó bréagach fút féin. An bhfuil na freagraí céanna ag na daoine eile atá i do ghrúpa?

a) Ní chuireann tú sa chiteal ach an méid uisce a bhíonn ag teastáil uait nuair a chuireann tú an citeal ag beiriú.	
Fíor	
Bréagach	
b) Déanann tú cinnte go mbíonn gach solas múchta agat sula bhfágann tú an teach.	
Fíor	
Bréagach	
c) Roghnaíonn tú an cúrsa atá coigilteach ar fhuinneamh, ar do mheaisín níocháin, an oiread agus is féidir.	
Fíor	
Bréagach	
d) Ní bhíonn san oigheann agat ach rud amháin agus tú ag ullmhú béile.	
Fíor	
Bréagach	

3. **Cluastuiscint:** Éist le Peadar ag déanamh cur síos ar na hathruithe atá déanta aige féin sa teach le fuinneamh a chaomhnú agus airgead a shábháil. Breac síos 3 phointe eolais. Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/an-saol-laethuil-obair-ti/ Cloisfidh tú an mhír faoi dhó.

4. Cad iad na rudaí a dhéanann tú féin sa bhaile chun fuinneamh a chaomhnú?

F: SCRÍOBH

Ríomhphost chuig cara

Bhog Colm go Baile Átha Cliath le déanaí agus tá seomra faighte in árasán aige in éineacht le beirt eile. Léigh an chéad chuid den ríomhphost a scríobhann sé chuig a chara Laoise agus críochnaigh an teachtaireacht sa bhosca thíos.

Ó: colm@gmail.com

Chuig: laoise@gmail.com

Haigh a Laoise, conas atá cúrsaí? Táim cinnte go bhfuil sibh go léir an-uaigneach gan mise thart sa bhaile níos mó! Ní raibh sé éasca ach fuair mé seomra in árasán anseo i mBaile Átha Cliath ar deireadh. Is i lár na cathrach atá sé agus tá sé an-daor, ach ba dheacair an áit a bhfuil sé a shárú. Ní raibh mo shaol sóisialta chomh gnóthach riamh!

Críochnaigh an ríomhphost agus luaigh na pointí seo a leanas ann:

- Cé eile atá san árasán leis?
- An obair tí a bhíonn le déanamh.
- Rud amháin nach dtaitníonn leis faoi obair an tí.
- Rud éigin a dhéanann duine de na daoine atá ina gcónaí leis, a chuireann isteach go mór air.

Ní gá dul thar 200 focal.

G: FEASACHT TEANGA

1. Ócáidí agus Scéalta Móra
Cloisfidh tú ceithre chomhrá. Éist go cúramach leo agus scríobh síos an ócáid atá i gceist i ngach comhrá sna boscaí thíos. Tá an traic ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/an-saol-laethuil-obair-ti/. Cloisfidh tú gach mír faoi dhó.

1.	
2.	
3.	
4.	

2. Ní bhímid cinnte, uaireanta, cad ba cheart a rá i nGaeilge nuair a insíonn daoine dea-scéalta nó drochscéalta dúinn. Féach ar na comhthéacsanna éagsúla thíos agus roghnaigh roinnt frásaí ón ngreille a bheadh oiriúnach sna cásanna atá luaite. Beidh níos mó ná ceann amháin oiriúnach i gcásanna áirithe.

a) Nuair a shaolaítear leanbh	
b) Nuair a theipeann ar do chara i scrúdú	
c) Nuair a éiríonn le do chara ina scrúdú tiomána	
d) Nuair a fhaigheann gaol le do chara bás	
e) Nuair a deir cara leat go bhfuil siad le pósadh	
f) Nuair a bhíonn breithlá do charad ann	

Fair play d(h)uit!	Maith thú! Maith thú féin!
Nár laga Dia thú!	Dia go deo leat!
Bail ó Dhia ort!	Bulaí mná/fir!
Is oth liom é sin a chloisteáil.	Mo ghraidhin thú!
Ní maith liom do thrioblóid.	Ní maith liom do bhris.
Go maire sibh é.	Go maire tú an céad
Tá brón orm é sin a chloisteáil.	Sin drochscéala.
Comhghairdeas – is dea-scéala é sin.	Go maire tú an dea-scéala.
Tá mé sásta é sin a chloisteáil.	Is mór an trua é sin.

MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

2: Líon isteach na heochairfhocail ón aonad seo:

	Gaeilge	Béarla		Gaeilge	Béarla
1.			16.		
2.			17.		
3.			18.		
4.			19.		
5.			20.		
6.			21.		
7.			22.		
8.			23.		
9.			24.		
10.			25.		
11.			26.		
12.			27.		
13.			28.		
14.			29.		
15.			30.		

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

AN SCRIPT

C. CLUASTUISCINT (00:00 – 02:52)

Siobhán (00:00 – 01:25)
An riail atá againne i gcónaí ná an té a dhéanann an chócaireacht ní chaithfidh sé an glanadh a dhéanamh ina dhiaidh sin. Is maith liomsa a bheith ag cócaireacht, mar a tharlaíonn sé. *So* déanann Peadar nó Clár na soithí de ghnáth. Tá Clár freagrach as an mbruscar ar fad. Déanann sí cinnte go gcuirtear an bruscar amach an oíche cheart le bailiú agus ise a chuireann na buidéil agus an páipéar ar fad in ord agus in eagar don athchúrsáil. Mise a dhéanann an tsiopadóireacht chomh maith ach ní féidir liom a bheith ag gearán mar is é Peadar a dhéanann an gharraíodóireacht ar fad. Agus tá an gairdín go haoibhinn ar fad!

Ciara (01:26 – 02:52)
Táimse ag roinnt árasáin le beirt eile i mBéal Feirste - Micheál agus Sorcha. Ar an drochuair, níl mórán suime nó ama againn an t-árasán a choimeád glan nó slachtmhar. Is fuath liomsa áfach má bhíonn an seomra folctha salach - mise a ghlanann é, mar sin. Ní itheann muid le chéile de ghnáth, agus dá bharr sin, an riail atá againn ná an áit a ghlanadh tar éis bia nó aon rud a ullmhú. Tógaimid sealanna an tsiopadóireacht a dhéanamh, uair sa tseachtain, le rudaí bunúsacha a fháil ar nós im nó arán, nó mar sin. Tagann muid le chéile uair sa mhí le glanadh mór a dhéanamh san árasán.

E. CLUASTUISCINT (02:53 – 04:11)

Peadar (02:53 – 04:11)
Bhuel, caithfidh mé a rá go ndearna mé cúpla athrú beag ar an dóigh a n-úsáideann muid an leictreachas sa teach agus tá cúpla pingin breise agam dá bharr. An t-athrú is bunúsaí ná déanaim cinnte nach bhfuil solas ar bith lasta nuair nach bhfuil sé ag teastáil. Ní cheannaím, ach an oiread, ach Dlúthlampaí Fluaraiseacha, agus cé go gcosnaíonn siad níos mó, maireann siad níos faide agus ní úsáideann siad an méid céanna fuinnimh. Nós beag eile atá agam anois ná múchaim gach fearas san oíche agus bainim an *plug* amach as an bhalla - baineann fearas úsáid as leictreachas fiú agus é múchta.

G. FEASACHT TEANGA (04:12 – 06:49)

Comhrá 1: (04:12 – 04:49)
- Aon scéal a Fhinn?
- Tá. Tá mé tar éis a bheith san otharlann ansin. Rugadh cailín beag do mo dheirfiúr agus tá sí go haoibhinn ar fad.
- Á Comhghairdeas.

Comhrá 2: (04:50 – 05:35)
- Nuacht ar bith agat?
- Nuacht ar bith i ndáiríre, ach drochnuacht is dócha. Fuair mé torthaí scrúduithe na chéad bhliana agus theip orm i scrúdú amháin. Beidh orm teacht ar ais luath ó Mheiriceá sa samhradh lena athdhéanamh!
- Is mór an trua é sin.

Comhrá 3: (05:36 – 06:15)
- Aon scéal nua?
- Tá mé ar mo shlí go Corcaigh, ag dul go dtí tórramh. Fuair m'aintín bás inné. Bhí aois mhór aici ach tá sé brónach mar sin féin.
- Tá brón orm é sin a chloisteáil.

Comhrá 4: (06:16 – 06:49)
- An bhfuil nuacht ar bith agat?
- Tá. Scéal mór. Tá mé féin agus Séamas le pósadh!
- Comhghairdeas. Tá sé sin go hiontach.

FREAGRAÍ

A: LABHAIRT

1. Ceisteanna – is freagraí samplacha iad seo.

Ceist:	Freagra:
a) **Cé a dhéanann an dinnéar gach lá?**	Déanann Pól an dinnéar gach lá, de ghnáth.
b) **An gceannaíonn tú bainne gach lá?**	Ní cheannaím bainne úr gach lá.
c) **Cén obair a dhéanann tú sa teach go rialta? Cad a ghlanann tú gach lá?**	Glanaim an folcadán gach lá.
d) **Cad a dhéanann tú leis na páistí gach tráthnóna?**	Déanaim an obair bhaile leis na páistí gach tráthnóna.
e) **Cén t-am a ólann Siobhán caife gach lá?**	Ólann Siobhán cupán caife gach maidin ar a 11.00.
f) **Cá dtéann tú gach tráthnóna?**	Go dtí an t-ionad spóirt.
g) **Cad a dhéanann tú le do chairde?**	Téimid go dtí ceolchoirm sa chathair nuair is féidir linn.

5.

a) Elon Musk
b) Cameron Diaz
c) Daniel O'Donnell
d) Dolly Parton
e) Mo Salah
f) Katie Taylor

B: FEASACHT TEANGA

1.

a) Caithfidh mé na leanaí **a dhúiseacht.**
b) Caithfidh mé bricfeasta **a thabhairt** dóibh.
c) Caithfidh mé lón **a dhéanamh** dóibh.
d) Caithfidh mé na gréithe **a ní**.
e) Caithfidh mé an t-urlár **a scuabadh**.
f) Caithfidh mé na seomraí leapa **a ghlanadh**.
g) Caithfidh mé na leanaí **a bhailiú** ón scoil.
h) Caithfidh mé an dinnéar **a ullmhú**.
i) Caithfidh mé plandaí **a chur** sa ghairdín.
j) Caithfidh mé mo mhac **a thabhairt** go dtí a rang ceoil.
k) Caithfidh mé cúntóir **a fháil**.

2.

a) Ba mhaith liom **a bheith** cáiliúil agus saibhir.
b) Ba mhaith liom troscán gairdín nua **a fháil**.
c) Ní féidir liom an iomarca airgid **a chaitheamh** ar an teach.
d) Níor cheart duit botún **a dhéanamh** leis an ainm briathartha.

C: CLUASTUISCINT

a) Ceapann Siobhán go bhfuil an iomarca oibre le déanamh aici sa teach.	
Fíor	
Bréagach	**X**
b) Caithfidh Peadar agus Clár an glanadh a dhéanamh tar éis an dinnéir agus an bruscar a chur amach.	
Fíor	**X**
Bréagach	
c) Tá Siobhán míshásta leis an obair atá déanta ag Peadar sa ghairdín.	
Fíor	
Bréagach	**X**
d) Is breá le Ciara agus a comrádaithe tí an teach a ghlanadh agus tascanna a dhéanamh ar fud an tí.	
Fíor	
Bréagach	**X**
e) Caithfidh gach duine sa teach an chistin a ghlanadh tar éis béile a dhéanamh.	
Fíor	**X**
Bréagach	
f) Glacann na comrádaithe tí sealanna ag déanamh na siopadóireachta agus cabhraíonn gach duine leis an nglanadh.	
Fíor	**X**
Bréagach	

E: LABHAIRT & CLUASTUISCINT

3.

Déanann sé cinnte nach mbíonn solas ar bith lasta nuair nach bhfuil sé ag teastáil.
Ní cheannaíonn sé ach Dlúthlampaí Fluaraiseacha, a úsáideann níos lú fuinnimh.
Múchann sé gach fearas san oíche agus baineann sé an *plug* amach as an mballa.

G: FEASACHT TEANGA

1. 1) Rugadh cailín beag dá dheirfiúr. / Saolaíodh leanbh dá dheirfiúr
2) Theip air/uirthi i scrúdú.
3) Fuair aintín leis/léi bás.
4) Tá sé/sí le pósadh.

2.

a) Nuair a shaolaítear leanbh	Comhghairdeas, is dea-scéala é sin. Go maire tú an dea-scéala. Tá mé sásta é sin a chloisteáil.
b) Nuair a theipeann ar do chara i scrúdú	Is oth liom é sin a chloisteáil. Tá brón orm é sin a chloisteáil. Sin drochscéala. Is mór an trua é sin.
c) Nuair a éiríonn le do chara ina scrúdú tiomána	*Fair play* d(h)uit! Maith thú! / Maith thú féin! Nár laga Dia thú! Dia go deo leat! Bail ó Dhia ort! Bulaí mná/fir! Comhghairdeas – is dea-scéala é sin. Tá mé sásta é sin a chloisteáil.
d) Nuair a fhaigheann gaol le do chara bás	Is oth liom é sin a chloisteáil. Ní maith liom do thrioblóid. Ní maith liom do bhris.
e) Nuair a deir cara leat go bhfuil siad le pósadh	Comhghairdeas – is dea-scéala é sin. Go maire tú an dea-scéala. Tá mé sásta é sin a chloisteáil. Go maire sibh é.
f) Nuair a bhíonn breithlá do charad ann	Go maire tú an céad